Údarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara

Tuarascáil Bhliantúil 2007

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia,
Páirc Theicneolaíochta Chorcaí Thiar,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí,
Éire

Teileafón: +353 23 59500
Facs: +353 23 59505
Ríomhphost:fleetregister@agriculture.gov.ie
www.agriculture.gov.ie

Tuarascáil chun an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia faoi chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis Cheadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara sa bhliain 2007, de bhun Ailt 3(7) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003.

Réamhrá

De bhun Ailt 3 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (Uimh. 21 de 2003), aistríodh feidhm cheadúnaithe bád iascaireachta mara ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chun an Údaráis Cheadúnúcháin um Báid Iascaireachta Mara le héifeacht ón 1 Iúil 2003. Mar a leagtar síos san Acht sin, is é an tArd-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta nó, faoi mhaoirseacht an Ard-Chláraitheora, an Leas-Ard-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta, an tÚdarás Ceadúnúcháin

Cheap an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an tArd-Chláraitheoir agus an Leas-Ard-Chláraitheoir de bhun an Achta um Iascaireacht Mhara agus Dhlínse Mhuirí 2006 (Uimh. 8 de 2006). Is é an tUas. Paschal Hayes an tArd-Chláraitheoir agus is é an tUas. Brendan Linehan an Leas-Ard-Chláraitheoir, arb oifigigh iad beirt de chuid na Roinne Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Forbhreathnú ar an Reachtaíocht a bhaineann le Ceadúnú agus Clárú

Leagadh amach an reachtaíocht a rialaigh ceadúnú bád iascaireachta mara i 2007 in Alt 4 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (arna chur isteach ag Alt 97 den Acht um Iascaireacht Mhara agus Dhlínse Mhuirí 2006). Leagadh amach an reachtaíocht a rialaigh clárú bád iascaireachta mara in 2007 in Ailt 76 go dtí 80 agus Alt 100 den Acht um Iascaireacht Mhara agus Dhlínse Mhuirí 2006, agus sna Rialacháin faoi Loingeas Ceannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005).

Forálann Acht 2003 go mbeidh an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a dhualgas faoir réir -

(a) an dlí atá i bhfeidhm ag an am i leith ceadúnaithe bád iascaireachta mara, lena n-áirítear go háirithe aon oibleagáid dhlíthiúil a bheadh ar an Stát de bhun dlí institiúide ar bith de chuid na gComhphobal Eorpach nó comhaontaithe idirnáisiúnta eile atá ina cheangal ar an Stát, agus

(b) treoracha beartais ar bith i leith ceadúnaithe bád iascaireachta mara a d'fhéadfadh an tAire a thabhairt i scríbhinn ó am go chéile.

Forálann Acht 2003 gur féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí de chuid an Údaráis Cheadúnúcháin faoi iarratais ar cheadúnais, nó faoi chúlghairm nó leasú ceadúnais, le hOifigeach Achomhairc, go ceann míosa ón uair a rinneadh an cinneadh, an chúlghairm nó an leasú. Is féidir le duine atá míshásta le cinneadh an Oifigigh Achomhairc iarratas a chur isteach chun na hArd-Chúirte ar Athbhreithniú Breithiúnach go ceann 3 mhí ó dháta an chinnidh. Chuir na Rialacháin faoi Loingeas Ceannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005) an dlí i gcomhréir le riachtanais an AE maidir le

tomhas tonnáiste agus toisí bád iascaigh, agus leasaigh siad chun dáta na gnáthaimh a bhaineann le clárú bád iascaigh. Shonraigh na Rialacháin freisin nach foláir táscairí deighleoige a mharcáil ar cheann árthaí a cláraíodh i ndeighleoga áirithe den loingeas (Fo-dheighleog na hlascaireachta Pota agus Deighleog an Dobharshaothraithe) mar aon le Cód an Chalafoirt agus an Uimhir Chláraithe.

I dteannta an dlí náisiúnta agus threoracha beartais an Aire, tá ról nach beag ag dlí an AE i mbainistíocht loingeas iascaireachta mara na hÉireann, mar is léir ar fhorálacha Acht 2003 dá bhfuil tagairt thuas. Éilíonn Rialachán 2371/2002 ón gComhairle, faoi chaomhnú agus shaothrú na n-acmhainní iascaigh de réir an Comhbheartais Iascaireachta, go gcuirfidh na Ballstáit bearta i gcrích le cumas iascaigh a gcuid loingeas a chur in oiriúint ar chaoi gur féidir cothromaíocht sheasmhach mharthanach a bhaint amach idir an cumas sin agus na deiseanna iascaigh. Cuireann sé ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh Leibhéil Tagartha a leagan síos do gach Ballstát (go praiticiúil, teorainneacha cumais loingis) arna sonrú de réir olltonnáiste ("OT") agus cumhacht an innill (cileavatanna– "kW"), do chumas iomlán iascaigh na n-árthaí iascaireachta atá cláraithe sa Bhallstát sin. Éilíonn sé go gcinnteoidh na Ballstáit nach sáraítear na Leibhéil Tagartha seo agus go ndéanfar bainistíocht ar na hárthaí a thagann isteach sa loingeas agus orthu siúd a imíonn amach as sa chaoi, ó 1 Eanáir amach, go gcúiteoidh an cumas a chaillfidh an loingeas, gan chúnamh ón Stát, ar a laghad an cumas breise a thiocfaidh isteach ann ina dhiaidh sin, gan chúnamh ón stát. Leagann an Rialachán forálacha amach freisin a shonraíonn go gcoinneoidh na Ballstáit cláir loingis iascaireachta, mar aon le clár loingis an Chomhphobail, ina mbeidh an fhaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit faoi shaintréithe agus ghníomhaíocht na n-árthaí.

Maidir le Rialachán 1438/2003 dar dáta 12 Lúnasa 2003 de chuid an Choimisiúin, a leagann síos na rialacha forfheidhmiúcháin faoin gComhbheartas Loingis mar a shainítear sa Rialachán ón gComhairle, sonraíonn sé seo na Leibhéil Tagartha do loingis iascaireachta na mBallstát. Léirítear staid loingeas na hÉireann i 2007 sa tuarascáil seo.

Treoracha Beartais don Údarás Ceadúnúcháin

Leag Treoir Beartais 2/2003, a d'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar 17 Samhain 2003 chun an Údaráis Cheadúnacháin de réir Ailt 3(2)(b) d'Acht 2003, beartas foriomlán ceadúnaithe bád iascaireachta mara amach. Leagadh an beartas seo síos i bhfianaise rialacha nua bainistíochta loingeas an AE, tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar staid loingeas iascaireachta na hÉireann agus ar a chumas. Le linn 2007 d'eisigh an tAire Treoir Beartais eile chun an Údaráis Cheadúnúcháin:

- Treoir Beartais 1/2007 dar dáta 15^{ú} Feabhra 2007

Lean an Treoir Beartais seo den mhoratóir ar thaifead gníomhaíochta "peiligí" (mórmhara) le go n-áireodh sé an bhliain 2006 freisin.

Is féidir téacsanna na dTreoireacha Beartais uile a eisíodh chun an Údaráis Cheadúnúcháin a léamh ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Cuntas ar Loingeas Iascaireachta na hÉireann

De bhun Threoir Beartais 2/2003, fo-rangaíodh Loingeas Iascaireachta na hÉireann ina chúig dheighleog. Go bunúsach ghlac an fhoroinnt seo ar an loingeas leis na deighleoga a leagadh síos i gClár Treorach Ilbhliantúil an AE, ar tháinig Rialachán 2371/2002 ón gComhairle ina áit, ach deighleog nua "Dobharshaothrú" a chur leo. Seachas i dtosca áirithe a leagtar amach sa Treoir Beartais, ní cheadaítear aistriú cumais idir na deighleoga (ná na fo-dheighleoga) agus ní mór cumas a bhaint, mar chúiteamh, den deighleog (nó den fho-dheighleog) ina bhfuil árthach á thabhairt isteach. Tá cuntas ginearálta ar dheighleoga an loingis agus ar a gcomhdhéanamh ag deireadh 2007, anseo thíos:

- Deighleog Mórmhara Sáile Cuisniúcháin (SC): Bhí 22 árthach sa deighleog seo a bhí ag plé go mór mór le speicis mhórmhara (scadáin, ronnaigh, bolmáin agus faoitíní gorma go príomha).

- *Deighleog Trálaer Bíoma*: Bhí 14 árthach sa deighleog seo, agus bíonn siad i mbun trálaeireachta bíoma.

- *Deighleog Ilchineálach:* Bhí 1,737 árthach, bunáite mhór an loingis, sa deighleog seo. Tá na hárthaí seo ilchuspóireach agus áiríonn siad árthaí beaga (eangaí agus potaí) cladaigh, agus árthaí móra nó meánmhéide a bhíonn ag díriú ar iasc geal, iasc mórmhara agus mhoilisc dhébhlaoscacha.

- *Saindeighleog:* Bhí 130 árthach sa deighleog seo, a gceadaítear dóibh moilisc dhébhlaoscacha agus speicis dobharshaothraithe a sheilg.

- *Deighleog an Dobharshaothraithe:* Níl cead na hárthaí seo a úsáid ach amháin d'fhonn ceantair dhobharshaothraithe a bhainistiú, a fhorbairt agus a chothabháil agus féadfaidh siad sceathrach a bhailiú ó phóir diúilicíní fiáine mar chuid de sheirbhís d'fhearais dobharshaothraithe, faoi réir srianta áirithe, mar a leagadh síos i gcomhthéacs Ailt 1 de Rialachán 1438/2003 de chuid an Choimisiúin . Níl an deighleog seo, ina raibh 32 árthach arbh ionann a gcumas iomlán agus 4,559.75 OT agus 10,935.83 kW, faoi réir an chórais isteach / amach.

Géilliúntas do na Leibhéil Tagartha agus don Uasteorainn Loingis

Ba iad na Leibhéil Tagartha do loingeas iascaireachta na hÉireann ar 1 Eanáir 2003, mar a leagtar amach i Rialacháin an Choimisiúin 1438/2003, ná 86,981 OT agus 230,226 kW. Is í uasteorainn an loingis staid chumais an loingis ar 1 Eanáir 2003, faoi réir coigeartuithe is féidir a cheadú ach nach sáróidh na Leibhéil Tagartha. Is í uasteorainn an loingis an bhunlíne ar a n-oibrítear an córas isteach-amach. Ba í uasteorainn loingeas na hÉireann ar 31 Nollaig 2007 ná 82,957 OT agus 217,138 kW. Chun é seo a áireamh baintear líon na n-imeachtaí as an loingeas a mhaoiníonn ciste an Stáit, .i. tríd an Scéim Díchoimisiúnaithe, de na Leibhéil Tagartha.

Mar a leanas a bhí staid chumais loingeas na hÉireann ar 1 Eanáir 2007 (figiúirí athcheartaithe):

Deighleog	Líon na nÁrthaí	OT	kW
Ilchineálach	1,640	39,241	136,989
Mórmhara	23	35,865	47,771
Trál Bíoma	14	2,002	6,953
Saindeighleog	111	3,561	14,879
Iomlán	**1,788**	**80,669**	**206,591**
Dobharshaothrú	23	4,345	9,622

Mar a leanas a bhí staid chumais loingeas na hÉireann ar 31 Nollaig 2007:

Deighleog	Líon na nÁrthaí	OT	kW
Ilchineálach[1]	1,737	40,099	14,4021
Mórmhara	22	21,810	35,164
Trál Bíoma	14	2,133	7,087
Saindeighleog	130	3,448	15,333
Iomlán	**1,903**	**67,490**	**201,605**
Dobharshaothrú	32	4,560	10,936

[1] Ina measc seo tá 490 árthach a bhí ceadúnaite agus cláraithe ar 31 Nollaig 2007 faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaireachta Pota Traidisiúnta i Loingeas Cladaigh na hÉireann agus arbh é 1,124 OT agus 14,841 kW a gcumas iomlán.

Bíodh a fhios, áfach, go bhfuil sé in áirithe go gceartóidh an Coimisiún Eorpach na Leibhéil Tagartha agus staid an chumais i 2008. Ní mór na figiúirí a athcheartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

1. *Atomhas:* Ceadaíonn Rialachán 1438/2003 de chuid an Choimisiúin an Leibhéal Tagartha agus staid chumais an tonnáiste a choigeartú d'fhonn caighdeánú thomhas an tonnáiste de réir olltonaí (OT) a chur san áireamh de réir Rialacháin 2930/86 ón gComhairle, arna leasú ag Rialachán 3259/94 ón gComhairle. Áiríonn figiúirí an chumais tonnáiste a léirítear thuas don 1 Eanáir 2007 agus don 31 Nollaig 2007 luachanna OT árthaí a atomhaiseadh i ndiaidh 1 Eanáir 2003, ach níl na Leibhéil Tagartha coigeartaithe fós dá réir sin ag an gCoimisiún Eorpach.

2. *Árthaí Cladaigh:* Tá in áirithe na Leibhéil Tagartha agus staid an chumais a choigeartú i 2008, anois agus ceadúnú agus clárú na n-árthaí a faomhadh de réir na Scéime um Cheadúnú Bád Iascaireacht Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann, agus de réir na scéime cladaigh roimhe sin, a bheith curtha i gcrích. Foráiltear clárú na mbád cladaigh, d'fhonn an bhailchríoch a chur ar na scéimeanna bád cladaigh seo, i bhfo-nóta (1) d'Iarscríbhinn I de Rialachán 438/2003 de chuid an Choimisiúin a bhaineann le leibhéil tagartha loingis na mBallstát. De réir mar a thuigeann an tÚdarás Ceadúnúcháin, tá foráilte ag an gCoimisiún go gcuirfear 3,904 OT agus 35,914 kW eile san áireamh i Leibhéil Tagartha na hÉireann toisc clárú na n-árthaí iascaireachta cladaigh ábhartha a bheith tugtha chun críche. Tugtar faisnéis bhreise faoin Scéim Ceadúnas Potaí Cladaigh ina dhiaidh seo (féach Gníomhaíochtaí an Údaráis Cheadúnúcháin i 2007).

3. *Árthaí Saindeighleoige:* Ag ríomh Leibhéil Tagartha na hÉireann dó, chuir an Coimisiún Eorpach 6,706 OT agus 28,259 kW san áireamh i leith árthaí sa deighleog seo. Mar sin féin, is é tuairim an Údaráis Cheadúnúcháin gur lú iad na figiúirí seo ná fíorchumas na n-árthaí sa deighleog seo ar 1 Eanáir 2003, agus i 2004 chuir sé liosta nuashonraithe de na hárthaí áirithe seo chuig an gCoimisiún. Ní mór mar sin na leibhéil tagartha a choigeartú, de réir fo-nóta (1) d'Iarscríbhinn I do Rialachán 1438/2003 de chuid an Choimisiúin.

Baineann an fhaisnéis seo a leanas le hábhar freisin maidir leis an monatóireacht ar an ngéilliúntas don chóras isteach/amach agus do na Leibhéil Tagartha:

- Níor deonaíodh aon mhéadú tonnáiste i 2007 de bhun na bhforálacha "tonnáiste sábháilteachta" in Alt 11(5) de Rialachán 2371/2002 ón gComhairle agus in Alt 8 de Rialachán 1438/2003 de chuid an Choimisiúin.
- Níor faomhadh aon chabhair phoiblí d'árthach ar bith i loingeas na hÉireann chun críche athnuachana ná nuachóirithe tar éis 31 Nollaig 2002.

Gníomhaíochtaí an Údaráis Cheadúnúcháin i 2007

Iarratais ar Cheadúnais agus Athnuachan Ceadúnas

Fuarthas 347 n-iarratas san iomlán ar cheadúnais do bháid iascaireachta mara i rith na bliana. Tarraingíodh siar 22 díobh seo ina dhiaidh sin. Seachas roinnt bheag cásanna ba ghá a mheas a thuilleadh nó ar theastaigh faisnéis bhreise ina dtaobh, breithníodh iad uile sa tréimhse 3 sheachtain a leagtar síos i bplean gníomhaíochta um sheirbhís chustaiméirí na Roinne. Ceadúnaíodh agus cláraíodh 302 árthach le linn 2007, tar éis do na hiarratasóirí na riachtanais a bhaineann le ceadúnú agus clárú a chomhlíonadh.

Athnuadh ceadúnais na mBád Iascaireachta Mara i mí Meithimh agus mí na Nollag i gcás an loingis mhórmhara. Athnuadh ceadúnais d'árthaí iascaigh idir 15 mhéadar ar fad san iomlán agus 24 mhéadar mar fhad cláraithe i mí an Mheithimh freisin. Den chéad uair athnuadh ceadúnais d'árthaí iascaigh a ceadúnaíodh faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaireachta Pota Traidisiúnta i mí Mheán Fómhair. Athnuadh na ceadúnais go léir de réir riachtanais na Rialachán um Shábháilteacht Mhuirí.

Clár Loingis

Tháinig córas tuairiscithe nua an AE ar chláir loingis i bhfeidhm ar 1 Meán Fómhair 2004. Cuireann sé seo de cheangal ar gach Ballstát "pictiúr" a chur go leictreonach chuig an gCoimisiún Eorpach, uair in aghaidh na ráithe agus den chéad uair ar 1 Meán Fómhair 2004, dá loingeas iascaireachta a thabharfaidh na sonraí a leagtar síos i Rialachán 26/2004 de chuid an Choimisiúin do gach árthach ina bhunachar sonraí. Chuir an tÚdarás Ceadúnúcháin na pictiúir seo ar aghaidh i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag mar a theastaigh. Ceartaíodh aon earráid a sainaithníodh de réir Rialacha Gnó an Choimisiúin Eorpaigh faoi tharchur na bpictiúr roimh an sprioc-am a leagadh síos sa rialachán faoi thuairisciú ar an loingeas.

Báid Phota Chladaigh

Tugadh ceadúnú agus clárú árthaí a faomhadh i 2004 de bhun na Scéime um Cheadúnú Bád Iascaireachta Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann chun críche i rith na bliana. San iomlán, ceadúnaíodh agus cláraíodh timpeall 490 árthach, arbh ionann agus 1,124 OT agus 14,841 kW a gcumas iomlán.

Suíomh gréasáin

De réir Ailt 3(8) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003, chuir an tÚdarás Ceadúnúcháin faisnéis, a nuashonraítear go rialta, faoi iarratais agus chinntí ar cheadúnais, á foilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne i mbliana freisin.

Achomhairc

Bhreithnigh beirt Oifigeach Achomhairc, a cheap an tAire de bhun Ailt 6 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (Uimh. 21), na hachomhairc i 2007, is é sin le rá, an tUas. Michael Vallely BL agus Emile Daly Uasal, BL.

I rith na bliana, taisceadh 12 achomharc in aghaidh cinntí de chuid an Údaráis Cheadúnúcháin leis na hOifigigh Achomhairc, ar bhain 3 cinn díobh leis an Scéim um Cheadúnú Bád Iascaireachta Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann, 7 gcinn leis an diúltú don Chumas Cúitimh d'Iarratais ar Cheadúnais do Bháid Iascaireachta Mara agus 2 cheann le coinníoll ceadúnais a cuireadh le ceadúnas.

Breithníodh 12 achomharc faoi dheireadh na bliana. Tá ainmneacha na n-achomharcóirí, na hOifigigh Achomhairc ábhartha agus cinntí na nOifigeach Achomhairc arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Socruithe eagraíochtúla agus soláthair foirne

Mar a leanas na hacmhainní foirne a cuireadh ar fáil don Údarás Ceadúnúcháin, seachas an tArd-Chláraitheoir agus an Leas-Ard-Chláraitheoir:

2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin
3 Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Foirne
2 Oifigeach Cléireachais.

Ba chúnamh freisin don Údarás Ceadúnúcháin agus é ag comhlíonadh a dhualgas an t-idirchaidreamh leanúnach leis an Rannán Beartais agus Forbartha Bia Mara agus leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara.

Tá mé buíoch den Leas-Ard-Chláraitheoir, an tUas. Brendan Linehan, agus d'fhoireann an Údaráis Cheadúnúcháin agus rannáin eile na Roinne, as an gcúnamh a thug siad le cur ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin a dhualgais a chomhlíonadh agus dúshláin áirithe eile a shárú, arbh é dílárú an Údaráis ó Bhaile Átha Cliath go Cloich na Coillte, Co Chorcaí, i mí an Mheithimh, ba shiocair dóibh

Paschal Hayes
Ard-Cláraitheoir Bád Iascaireachta
Meitheamh 2008